FOLKLIVSARKIVET LUND

CAILÍN NACH NDEÁNFADH OBAIR A' BITH

(Tógtha síos ag Liam Mac Meanman, Móinín, Clochán, Leithbhearr, Tír Chonaill, ó bhéal-aithris Neddy Ua Muighe, Glaiseach Beag, Tír Chonaill. (81 bl.)

(MS. 186. pp. 450—453)

FOLKLIVSARKIVET

A 616:21

CAILÍN NACH NDEÁNFADH OBAIR A' BITH

Well bhí farmer mór annsin i bhfad ó shoin agus nighean aige agus ní dheánfad sí turn a' bith agus bhíodh a máthair 'na déidh ag iarraidh an t-eallach a bhlighe. Ní dheánfad sí dadaidh ach a' meadhair agus a' pléisiuir agus a' damhsa thart fa bhealaigh móra. Fuair a máthair greim a'n lá amháin uirthi agus bhí sí d'a leaterál agus bhí duine uasal ag gul thart.

"Goidé bheir a' bualadh 'n chailín thú ?"

"Ní dheánfaidh sí a'n turn oibre," adeir sí.

"Oh my oh," adeir sé, "tá'n cailín sin in innibh obair a dheánú áit a' bith; cailín mór láidir í sin. An dtórfa damhsa í sin ?"

"Bheirfidh agus céud punta acht gan a feiceailt go bráth arais."

"Oh well. Tór damhsa an céud," adeir sé, "'s ní fheicfe tú í," adeir sé, "mur bhfeiceann tú í ar holidays corr-uair."

Thug sí'n céud dó agus d'imthigh seisean na bhaile. Ní

A 616:22

FOLKLIVSARKIVET LUND

rabh aige ach a mháthair agus d'fhág sé istuigh ina room í — istuigh ina room agus d'imthigh sé fhín a' seilg ar maidin agus bhí sise 'na suidhe 'sa room ar fad ag amharc ar leabharthaí agus ar pháipéair. Ní thug an mháthair a'n ghreim amháin bidh duithi. Thainic seisean i ndéind na h-oiche agus nuair a bhí siad a' gul i luighe.

"Goidé mar chuir tú fhín 's mo mháthair isteach le chéile iniu ?"

"Ní thug sí a'n ghreim amháin bidh damh ó mhaidin."

"An rabh tú ag obair ?" ar seisean.

"Ní rabh," ar sise.

"Ó maise ní thugann sí sin greim a' bith bidh do dhuine ar bith nach mbíonn ag obair rud beag," adeir sé.. "Bhfuil fhios ugut — bhfuil fhios ugut goidé dheánfas tú i mbárach," adeir sé. "Nuair a eireochas tú, tór leat sguab," adeir sé, "ascuabú an toighe nó ba ghrathach le mo mháthair an t-é a bhéadh ag obair a chuid a thóirt go h-an-mhaith duithi — a cuid a thóirt go h-an-mhait duithi," adeir sé.

D'eirigh sé fhín agus thug sé giota aráin duithi agus

FOLKLIVSARKIVET LUND

braon bainne agus d'imthigh sé fhín a' seilg ar maidin. Nuair a d'eirigh sise thug sí leihi an sguab agus thoisigh sí a' scuabú'n toighe. D'eirigh 'n chailleach agus thug sí'n bórd bidh duithi do achan chineál a bhfaca tú ariamh agus níl an am go dtí'n oiche nach n-eirighe ad sí a' scuabú an toighe bhí sí a fághail an-feedál.

"Goide mar chuir tú fhín 's mo mháthair isteach iniu?" adeir sé nuair a thainic sé 'san oiche.

"Ó chuir go maith," ar sise.

"Ma bhíonn tú ag obair," adeir sé, "bheirfe mo mháthair do chuid go maith duit."

Ó thoisigh sí 'na h-an-oibridhe. Ach bordaigh is ar choicighis 'na dhéidh sin. Thainic a' t-áthair go bhfeicfead sé goidé mar bhí sí a' cur isteach. Bhí sí amuigh trustáilte ar a' t-aráid a scuabú na sráide. Dar leis fhín a chailín mhacanta, cuireadh múineadh maith urtsa. Thainic sé fhad léihi.

"Mhaige cuireadh thusa ag obair," adeir sé.

"Ó Dhia, ní bhfuigh 'n duine greim bidh annseo," adeir sí, "mur rabh sé ag obair. "Anois," adeir sí, "nuair a rachas

tusa isteach," adeir sí, "bí a cartú an aoiligh amach ó thóin an eallaigh, adeir sí, nó ni bhfuigh tú'n ghreim le h-ithe."

Bhí séisean ag gairidh go beag ina chroidhe. Thainic sí isteach — thainic sé isteach — agus bhí an-luthghair roimhe agus fuair a chuid go h-an-mhaith agus bhí achan seórt go h-an-bhréugh. Pósadh é fhín agus a' cailín agus bhí dóigh bhréugh orthu ins an am dheirionnach a chonnaic mise iad.

A 616:24